Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022
(OR. en)

15473/22

LIMITE

ENV 1229
CODEC 1905
CLIMA 642

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0195(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra<br>- Díospóireacht bheartais |

1. An 22 Meitheamh 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra.[1] Is é is aidhm don togra gnáthóga na hEorpa a bhfuil drochbhail orthu a chóiriú, agus an dúlra a athbheochan arís sna héiceachórais uile, ó thalamh foraoiseachta agus talmhaíochta go dtí éiceachórais mhuirí, fionnuisce agus uirbeacha. Faoin togra seo, beidh feidhm cheangailteach dlí ag spriocanna maidir le hathchóiriú an dúlra in éiceachórais éagsúla, ar spriocanna iad atá comhlántach leis na dlíthe atá ann cheana. Is é is aidhm dó go gcuimseodh bearta athchóirithe 20 %, ar a laghad, de limistéir talún agus farraige an Aontais faoi 2030 agus go leathnófaí iad le go gcuimseofaí amach anseo, faoi 2050, gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth air.

2. Chuir an Coimisiún an togra reachtach agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 7 Iúil 2022. Bhí plé substainteach ag an Meitheal um an gComhshaol maidir leis an togra ag naoi gcruinniú eile ina dhiaidh sin. Bunaithe ar an bplé sin agus ar bharúlacha a thíolaic na toscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an chéad téacs comhréitigh le haghaidh Airteagail 1-10 [2] agus shainaithin sí dhá shaincheist lena n-éilítear treoir pholaitiúil ón gComhairle.

1. 10607/22 - COM(2022) 304 final.
2. 14884/22.

3. D'fhonn treoir a thabhairt don díospóireacht maidir leis an togra reachtach thuasluaite ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle Comhshaoil an 20 Nollaig 2022, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra ina bhfuil dhá cheist, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an páipéar cúlra agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle don díospóireacht bheartais thuasluaite.

PUBLIC

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra**

**- Nóta ón Uachtaránacht -**

PUBLIC

Tá na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, ina gcnámh droma, le fada an lá, ag beartas an Aontais Eorpaigh maidir le caomhnú an dúlra, agus is gné ríthábhachtach díobh sin an dúlra a chosaint. Baineadh de thátal as an tSeiceáil Oiriúnachta[1], a foilsíodh in 2016, go bhfuil na Treoracha maidir leis an Dúlra, faoi chuimsiú bheartas fairsing an Aontais maidir leis an mbithéagsúlacht, an-ábhartha i gcónaí agus oiriúnach don fheidhm, ach go gcaithfear feabhas nach beag a chur ar chur chun feidhme na dtreoracha sin má táthar lena gcuspóirí a bhaint amach ina n-iomláine.

Léiríodh sa mheasúnú is déanaí a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ar staid an dúlra[2], ainneoin go ndearnadh dul chun cinn maith, nach bhfuil dea-stádas caomhantais ach ag 15 % de ghnáthóga agus thart ar 27 % de na speicis atá faoi chosaint reachtaíocht an Aontais. Fuarthas amach i measúnú uile-Aontais ar na héiceachórais go bhfuil drochbhail, tríd is tríd, ar éiceachórais an Aontais. Anois agus sonraí breise agus tuarascálacha breise ar fáil dúinn, amhail an Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ó IPBES (2019)[3], nó an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC[4], is léir ón bhfianaise atá ann **nach ndearnadh ach dul chun cinn áirithe maidir le deireadh a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus go bhfuil an dúlra ag meath mórthimpeall na cruinne ar ráta nach bhfacthas a leithéid roimhe i stair an duine, agus go gcuidíonn éiceachórais ilghnéitheacha fhéinchothaitheacha leis na daoine ar an iomaí bealach, atá riachtanach chun oiriúnú don athrú aeráide agus chun an t-athrú aeráide a mhaolú.**

---

1 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin — Achoimre Feidhmiúcháin ar an tSeiceáil Oiriúnachta ar Reachtaíocht an Aontais maidir leis an Dúlra (na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga) (SWD(2016) 473 final).

2 *State of nature in the EU - Results from reporting under the nature directives 2013-2018* [Staid an nádúir san Aontas -Torthaí ón tuairisciú faoi na treoracha maidir leis an dúlra 2013-2018], an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, 2020.

3 IPBES (2019): *Global assessment report on biodiversity and ecosystem services* [Tuarascáil mheasúnachta dhomhanda ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais] ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais.

4 IPCC (2022): *Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability | Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability (ipcc.ch)* [An tAthrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht (ipcc.ch)].

Tá sé ríthábhachtach cúram ar leith a dhéanamh de chosaint na bithéagsúlachta agus ní mór cur leis an méid atá bainte amach sa réimse sin agus an obair a bheachtú. Bíodh sin mar atá, ní mór don domhan mór agus don Aontas Eorpach **an fód a sheasamh agus aghaidh a thabhairt ní hamháin ar limistéir faoi chosaint ach freisin ar an tírdhreach sa chiall is leithne, má tá uainn an bhithéagsúlacht a chur ar chosán an téarnaimh.**

PUBLIC

**<u>Glactar leis go gcaithfear gníomhú go práinneach</u>**

In 2020, mar gheall nach raibh rudaí sách maith, **ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis nua Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030** ('an Straitéis') mar cheann de ghnéithe lárnacha an Chomhaontaithe Ghlais agus gheall go dtíolacfadh **togra le haghaidh spriocanna an Aontais maidir le hathchóiriú an dúlra**, ar spriocanna iad lena ndéanfaí éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú agus **a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí de**.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, agus í go hiomlán ar an eolas gur bagairtí díreacha eiseacha ar bheatha agus ar dhea-bhail an duine iad cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras agus cailliúint seirbhísí éiceachórais, chuir **an Chomhairle** in iúl, sna Conclúidí[5] uaithi, gur díol sásaimh di an Straitéis agus d'aithin sí go bhféadfadh tairbhí eacnamaíocha díreacha agus indíreacha a bheith ag baint le caomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras d'fhormhór earnálacha an gheilleagair agus go mbíonn na gnólachtaí uile ag brath ar shócmhainní caipitil nádúrtha agus ar sheirbhísí éiceachórais, go díreach nó go hindíreach. D'aithin sí freisin, cé go bhfuil creataí dlíthiúla, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht agus an dúlra a chosaint agus chun gnáthóga díghrádaithe agus pobail speiceas a athbhunú, nach mór dúinn **dlús a chur le cosaint agus athchóiriú an dúlra**. Maidir le héiceachórais a athchóiriú, **d'athdhearbhaigh an Chomhairle go bhfuil gá le níos mó uaillmhéine maidir le hathchóiriú an dúlra, lena n-áirítear gur gá go ndéanfaí bearta chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú lasmuigh de limistéir faoi chosaint.** Aithníodh sna Conclúidí freisin an dlúthnasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide, mar aon lena gcuid réiteach faoi seach.

---

5 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach (11829/20) an 16 Deireadh Fómhair 2020.

Sa rún uaithi i mí an Mheithimh 2021[6], chuir Parlaimint na hEorpa in iúl gur díol sásaimh dise freisin Straitéis nua Bithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus leibhéal uaillmhéine na straitéise sin agus chuir sí i bhfios go láidir nach mór spriocanna na straitéise a bhaint amach ina n-iomláine. Chun an méid sin a bhaint amach, iarradh sa rún **go leagfaí síos bearta chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta lasmuigh de limistéir faoi chosaint.** Ba mhór an díol sásaimh é tiomantas an Choimisiúin togra reachtach a dhréachtú maidir le hathchóiriú an dúlra, lena n-áirítear leagan síos spriocanna ceangailteacha maidir le hathchóiriú an dúlra, agus **cuireadh i bhfios go láidir nár cheart ligean do na héiceachórais díghrádú ar bhealach ar bith tar éis an athchóirithe**.

PUBLIC

__Ár ndúshlán an dea-shampla a thabhairt__

An 22 Meitheamh 2022, ghlac an Coimisiún an Togra le haghaidh Rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra (‘Togra’).

Leagtar amach sa Togra cuspóir uileghabhálach, is é sin le rá, **rannchuidiú le téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus marthanach an dúlra bhithéagsúil agus athléimnigh ar fud limistéir talún agus mhara an Aontais trí éiceachórais a athchóiriú** agus rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, leagtar síos sa Togra **spriocanna agus oibleagáidí ceangailteacha éagsúla maidir leis an athchóiriú i gcás raon leathan éiceachóras** agus réitítear an bealach le go ndéanfar raon leathan éiceachóras san Aontas a athchóiriú agus a chothabháil faoi 2050, agus torthaí intomhaiste a bheith ar an méid sin faoi 2030 agus 2040. Tacaíonn creat cur chun feidhme leis an togra ionas go ndéanfar gníomh de na cuspóirí, trí Phleananna Náisiúnta um Athchóiriú a ullmhú agus a chur i gcrích.

A bhuí leis an Togra, tá an tAontas ina cheann feadhna maidir leis an dúlra a chosaint, go háirithe ag féachaint don 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, comhdháil atá á tionól i Montréal le linn Uachtaránacht na Seicia ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar a meastar go dtiocfaidh 196 pháirtí sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar chomhaontú maidir le **creat domhanda bithéagsúlachta iar-2020**.

---

6 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: an dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (2020/2273(INI))

Tá sé beartaithe ag an Aontas spriocanna domhanda 2030 a éileamh i gcomhréir le gealltanais an Aontais a leagtar amach sa Straitéis agus próiseas i bhfad níos láidre a éileamh freisin maidir le cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú. Sna conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2022[7], **chuir an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá sprioc maidir le dlús a chur le gníomhaíocht chun éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú go héifeachtach a áireamh sa chreat domhanda bithéagsúlachta iar-2020.**

PUBLIC

**<u>Machnamh ar a riachtanaí atá creat soiléir comhchoiteann maidir le hathchóiriú an dúlra</u>**

Faoi Uachtaránacht na Seicia, pléadh an Togra ag deich gcruinniú den **Mheitheal um an gComhshaol** inar chuir na Ballstáit uile in iúl go dtacaíonn siad i gcoitinne le cuspóirí an téacs. Aithníonn na toscaireachtaí go bhfuil athchóiriú an dúlra ríthábhachtach, go háirithe ó tá géarghá ann sinn féin a chur in oiriúint don athrú aeráide agus an t-athrú aeráide a mhaolú.

Leis an bplé a chothaigh Uachtaránacht na Seicia, bhíothas in ann mionscrúdú a dhéanamh ar an téacs agus bhí deis ag na Ballstáit a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na hairteagail go léir. Tháinig roinnt dúshlán tábhachtach chun cinn mar thoradh ar na malartuithe tosaigh sin. Tríd is tríd, iarrann na Ballstáit go gcoinneofaí **comhleanúnachas láidir le creat dlíthiúil reatha an Aontais maidir leis an gcomhshaol**, agus go mbeadh nasc sainráite leis an gcreat sin i bhforálacha sonracha den Togra. Chuir na Ballstáit i bhfios go láidir freisin **go dteastaíonn solúbthacht le go bhféadfar saintréithe sonracha náisiúnta a léiriú iontu.** Cuireadh in iúl go mbeidh **acmhainní suntasacha daonna agus airgeadais** de dhíth chun iad a chur chun feidhme, ar acmhainní iad nach bhfuil ar fáil faoi láthair nó a chaithfí a choigeartú go mór. Ba léir freisin gur mór ag na Ballstáit sainmhínithe ós rud é go mbíonn **tuiscint choiteann ar fhorálacha an téacs** de dhíth chun é a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach comhchuibhithe. Pléadh saincheisteanna cothrománacha agus teicniúla ar leibhéal na Meithle; réitíodh cuid acu, agus, mar gheall ar chomh casta is atá an Togra, fágadh cuid mhór eile acu le plé arís.

---

[7] An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD): An 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 15) in CBD; An deichiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht (COP-MOP 10); An ceathrú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 4); (Montréal, Ceanada, an 7–19 Nollaig 2022) — Conclúidí ón gComhairle (13975/22) an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Bunaithe ar an bplé a bhí ann agus ar na barúlacha a sheol na toscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht **téacs comhréitigh maidir le hAirteagail 1-10**[8] a pléadh ag cruinnithe na Meithle um an gComhshaol an 24 Samhain agus an 9 Nollaig 2022. Bhí an-mheas i gcoitinne ar an téacs athbhreithnithe, i gcás go leor gnéithe de, agus leagadh síos ann bealach maith chun cinn, agus, ag an am céanna, léiríodh roinnt ábhar imní ann nach mór aghaidh a thabhairt go coinsiasach orthu sa chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo. Ba léir freisin go mbeadh treoir pholaitiúil ina bhuntáiste i gcás saincheisteanna éagsúla. Shainaithin an Uachtaránacht, dá bhrí sin, dhá ábhar a dtabharfaidh an Chomhairle Comhshaoil aghaidh orthu an 20 Nollaig 2022 mar threoir d'obair na Meithle um an gComhshaol amach anseo. Tá cur síos thíos ar phointí tosaigh an phlé.

<u>**Oibriú i gcomhar chun an uaillmhian a bhaint amach**</u>

**Tá sé suntasach nár chuir go leor toscaireachtaí i gcoinne leibhéal foriomlán uaillmhéine an Togra. Ag an am céanna, léiríodh sa phlé teicniúil nach bhfuil na Ballstáit d'aon toil maidir lena dtuairimí ar an ábhar seo.** Measann Ballstát áirithe go bhfuil cuid de na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa togra, go háirithe in Airteagail 4-10, ró-uaillmhianach, go príomha toisc nach bhfuil an creat institiúideach agus airgeadais reatha (lena n-áirítear acmhainneacht acmhainní daonna lena ngabhann na scileanna agus leis an eolas iomchuí) curtha in oiriúint go leordhóthanach. Ina theannta sin, ní fhéadfaí an Togra a chur chun feidhme laistigh den tréimhse ama atá beartaithe, i bhfianaise an ghá atá le dlúthchomhar agus gníomhaíochtaí comhordaithe sna príomhearnálacha éagsúla (e.g. foraoiseacht, bainistiú uisce, talmhaíocht, bainistiú géim, forbairt agus pleanáil spáis agus uirbeach).

Chuir na Ballstáit in iúl freisin go mbeidh gá **le hamscála níos faide** chun éiceachórais nó táscairí gaolmhara a fheabhsú, mar gur gá, ar uairibh, eolas leordhóthanach eolaíoch a fháil. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair na spriocanna atá beartaithe a bhaint amach freisin mar gheall ar dhálaí nádúrtha (eadhon athrú aeráide, leathadh speiceas coimhthíoch ionrach) nó leasanna eile poiblí uileghabhálacha.

[8] Téacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir le hAirteagail 1-10 – ST 14884/22.

Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí dearmad **gur ar aidhmeanna na Straitéise, a d'fhormhuinigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa araon, atá an Togra bunaithe**, agus go gcuirfí san áireamh go bhfuil géarghá leis na héiceachórais a athchóiriú, an bhail atá orthu a fheabhsú agus tionchair an athraithe aeráide a mhaolú. In ainneoin a bhfuil déanta ag na Ballstáit, tá an bhithéagsúlacht ag meath i gcónaí. D'fhéadfadh sé nach bhféadfaí an meath sin a chur ina cheart agus d'fhéadfadh go dteipfeadh na héiceachórais dá réir. Is cloch choirnéil den Togra é an gá atá le haghaidh a thabhairt go héifeachtach, gan mhoill, ar an drochbhail atá ar na héiceachórais i láthair na huaire. Dá n-ísleofaí uaillmhianta an Togra, d'fhéadfadh sé gur mó fós **an éiginnteacht a bheadh ann maidir le héifeachtúlacht ár n-iarrachtaí comhpháirteacha chun tuilleadh meatha ar an mbithéagsúlacht a chosc** agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí na hiarrachtaí sin i mbaol, ós rud é nár ghá go dtiocfadh an toradh inmhianaithe as na bearta a glacadh, is é sin le rá sláinte fheabhsaithe na n-éiceachóras agus seirbhísí gaolmhara éiceachórais.

Ós rud é go bhféadfadh sé, go deimhin, a bheith dúshlánach cuid de na hoibleagáidí toradhbhunaithe sa Togra a bhaint amach, ba cheart an deis a bheith ann, dá bhrí sin, leis na Pleananna Náisiúnta um Athchóiriú, **an tsolúbthacht** is gá a chur ar fáil **ar an leibhéal náisiúnta**. Leis na spriocanna agus na hoibleagáidí atá beartaithe, beifear in ann coinníollacha sonracha atá sna Ballstáit a chur san áireamh, tríd is tríd, (trí e.g. leibhéil shásúla táscairí a shocrú, limistéar tagartha fabhrach a chinneadh le haghaidh cineálacha gnáthóg nó cáilíocht leordhóthanach agus cainníocht leordhóthanach gnáthóg agus speiceas) agus cur leis na measúnuithe ar stádas caomhantais a rinneadh faoi na Treoracha maidir leis an Dúlra. Féadfar treabhadh chun cinn, i bhfianaise a phráinní atá sé gníomhú, ach leas iomlán a bhaint as an tsolúbthacht sin.

**<u>A chinntiú go mbeidh toradh fónta ar na hinfheistíochtaí</u>**

Leagtar síos sa Togra an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú **nach dtiocfaidh meath** ar limistéir a mbeidh dea-bhail curtha orthu agus ina mbainfear cáilíocht leordhóthanach amach i gcás ghnáthóga na speiceas, agus nach dtiocfaidh meath ar limistéir ina mbíonn na cineálacha sin gnáthóg. Is é is aidhm don oibleagáid sin a áirithiú **go mbeidh cosaint éifeachtach i bhfeidhm i gcás ina bhfuil feidhm ag córas na dTreoracha maidir leis an Dúlra — an stádas caomhantais a fheabhsú nó a chothú** — agus a áirithiú go leanfaidh éifeachtaí na mbeart athchóirithe ar feadh i bhfad agus, **má dhéantar acmhainní a infheistiú sna bearta sin, a áirithiú nach ndéantar na hacmhainní sin a dhíluacháil**.



PUBLIC

Tá an coincheap atá beartaithe **dian ó thaobh faireacháin agus measúnachta de agus ó thaobh na mbeart fairsing bainistíochta a bheadh le cur i bhfeidhm i ngach limistéar ina bhfuil cothabháil de dhíth ar chineálacha gnáthóige nó ar ghnáthóga speiceas lena áirithiú go mbeidh dea-bhail orthu go fadtéarmach.** Tá sé dúshlánach a mheas cad é an costas a bhainfidh le diancheanglas neamh-mheathlaithe lasmuigh de Natura 2000, ach meastar gur costas suntasach a bheidh ann, idir an ceanglas sin a chur chun feidhme (cearta talún a láimhseáil agus an córas riaracháin agus dlí is gá a chur chun feidhme) agus é a chomhlíonadh i gcleachtas.

Is léir, áfach, go bhfuil **an oibleagáid an-ábhartha do raon feidhme an Togra agus go bhféadfadh sé go gcuideodh sí go mór le haidhmeanna na dTreoracha maidir leis an Dúlra a mhéid a bhaineann le stádas fabhrach caomhantais cineálacha gnáthóg agus ghnáthóga na speiceas atá i gceist a bhaint amach nó a chothú go náisiúnta.** Déantar an measúnú ar riocht na bhfeiniméan sin cheana féin ar an leibhéal náisiúnta faoin gcreat dlíthiúil reatha, agus dá bhrí sin bheadh dea-thoradh sa réimse sin ar an obair a dhéanfaí maidir le prionsabal an neamh-mheathlaithe a chur i bhfeidhm. Is léir ón bhfianaise nach leor ar chor ar bith é líonra Natura 2000 chun na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis a bhaint amach, fiú más uirlis thábhachtach é a chuidíonn le stádas fabhrach caomhantais.

Foráiltear sa Togra, áfach, go bhféadfaí **maolú ar phrionsabal an neamh-mheathlaithe**. Mhol an Uachtaránacht freisin, ina téacs comhréitigh, **aistriú ó oibleagáid toradhbhunaithe go hoibleagáid iarrachtbhunaithe**, ag díriú ar bhearta atá le cur i bhfeidhm chun an neamh-mheathlú a chosc. Luadh rogha eile freisin le linn an phlé, is é sin le rá 'gan ghlanmheathlú'. Ós rud é go n-iarrann go leor Ballstát go ndéanfaí an Togra a ailíniú i gcoitinne le *acquis* reatha an Aontais, níor cheart an tsineirgíocht thábhachtach sin leis na Treoracha maidir leis an Dúlra a fhágáil ar lár. Dá bhrí sin, ba cheart díriú i bplé breise ar an leibhéal teicniúil ar fhoclaíocht éagsúil nó, más gá, soiléiriú ar na féidearthachtaí atá ann maidir le maolú.

PUBLIC

Chun an chaibidlíocht a thabhairt ar aghaidh, iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. *Ós rud é go nglactar leis go gcaithfear le dul i ngleic, mar ábhar práinne, le géarchéim na bithéagsúlachta atá linn i gcónaí, agus freisin chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar an tionchar atá aige ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar, an measann tú go bhfuil uaillmhian an Togra agus an tréimhse ama atá beartaithe leordhóthanach le haghaidh a thabhairt ar an dá dhúshlán sin?*
2. *Agus sineirge fhoriomlán phrionsabail 'an neamh-mheathlaithe' leis na Treoracha maidir leis an Dúlra á gcur san áireamh, an measann tú gur réiteach iomchuí é chun na tairbhí fadtéarmacha comhshaoil agus socheacnamaíocha a leanann éiceachórais shláintiúla a áirithiú agus chun inbhuanaitheacht acmhainní arna n-infheistiú a áirithiú?*

*Am labhartha: 3 nóiméad in aghaidh an Bhallstáit*

PUBLIC